



Aighneacht

Ráiteas Straitéise 2021 - 2023

An Roinn Oideachais

Samhain 2020

Spríoc 1: Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú

Don spríoc seo, tabhair eolas maidir leo seo a leanas (tabhair aird go mbeidh uasmhéid 300 focal do gach mír):

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

- Is é an príomhthosaíocht straitéiseach a chóir go mbeadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ó thaobh na Gaeilge de sa chóras oideachais ná gur chóir dóibh an gealltanas sa chlár rialtais le polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn. Chuimseodh an polasaí seo gach gné den Ghaeilge sa chóras oideachais agus bheadh trí phríomh-pholasaí mar chuid den pholasaí iomlán:
 - An Polasaí Oideachais Gaeltachta (ann cheana féin)
 - Polasaí don Ghaeloideachas (geallta ag an Aire Oideachais agus Scileanna i mí na Nollaig 2019)
 - Polasaí don oideachas a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla

Luaigh trí mhórgníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

1. Polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn
2. Mar chuid den pholasaí sin, ba chóir feidhmiú ar an spríoc eile sa Chlár Rialtais le líon na ndaltaí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a dhúbailt
3. An scéim phíolótach don pháirt-tumoideachas Gaeilge, mar atá san áireamh i gClár an Rialtais, a leathnú amach go gach bunscoil taobh istigh de 5 bliana

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas – má éiríonn linn an spríoc seo a bhaint amach, cén feabhas/difríocht a bheidh le sonrú?

1. Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal a bheith curtha le chéile agus plean feidhmithe idir lámha le coiste comhairleach (ar nós atá ar siúl leis an bpolasaí oideachas Gaeltachta). Beidh difríocht suntasach ann don Ghaeilge sa chóras oideachais. Beidh plean comhtháite maidir le múineadh na teanga don chead uair ó a bunaíodh an Stáit le dréimire idir gach leibhéal den chóras.
2. Beidh plean, mar chuid den pholasaí, leis an líon ndaltaí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a dhúbailt agus ní bheidh sé mar spríoc teibí mar atá sé faoi láthair. Tabharfaidh sin cinnteacht do thuismitheoirí agus daltaí na tíre agus déanfaidh sé freastail ar an éileamh sa phobal don oideachas trí mheán na Gaeilge (23% de réir an ESRI)

3. Beidh deis ag gach dalta bunscoile buntáistí an tumoideachais a fháil, idir cumas níos fearr sa Ghaeilge, teangacha eile, cumas cognaíoch níos fearr, srl..

An bhfuil slata tomhais ar leith a úsáideann tusa chun gnóthachtáil d'eagraíochta a thomhas maidir leis an sprioc seo a d'fhéadfadh an Roinn iad a úsáid?

Tá córas cáilíochta atá aitheanta timpeall na hEorpa dar teideal an *Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha* (Comhairle na hEorpa, 2001). Déanann an córas seo measúnú ar leibhéal cumais an foghlaimeora i gceithre scil éagsúil - éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh. Tá an córas aitheanta sa chóras poiblí faoi láthair agus beidh níos mó béim ar an gcóras seo amach anseo le teacht Acht na dTeangacha Oifigiúla leasuithe leis na forálacha nua maidir le hearcaíocht daoine inniúil ar an nGaeilge.

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d'eagraíocht?

- Bheadh muid lánsásta a bheith páirteach i gcur i bhfeidhm aon cheann de na spriocanna luaite anseo. Táimid cheana féin ag feidhmiú ar an gcoiste atá ag plé leis an tumoideachais agus leis an bpolasaí oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

- Bheadh cinnteacht foghlama Gaeilge ann do na daltaí ó thús go deireadh agus níos mó roghanna don ghaelscolaíocht nó tumoideachas faoi na spriocanna luaite againn anseo

Sprioc 2: Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Don sprioc seo, tabhair eolas maidir leo seo a leanas (tabhair aird go mbeidh uasmhéid 300 focal do gach mír):

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

- Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal le córas a chinnteodh solúbthacht do dhaltá agus tríd sin go mbeadh i bhfad Éireann níos lú gá le díolúintí ó staidéar na Gaeilge ach córas i bhfad níos uileghabhála. D'fheadfaí sin a dhéanamh tríd úsáid a bhaint as an bhFráma Coiteann Eorpach ó thús go deireadh agus bheadh, mar shampla, dalta in ann an scrúdú béil don ardeist amháin a dhéanamh do phointí CAO má tá riachtanas speisialta ach – ní bheadh siad fágtha amach as foghlaim na Gaeilge mar sin.

- Is gá a chinntiú go bhfuil na hacmhainní céanna ar fáil d'fhoghlaimoirí Gaeilge is atá i mBéarla atá i mbaol míbhuntáiste
- Go mbeadh gach scoil DEIS atá ag feidhmiú trí Ghaeilge eolach agus feasach faoi na deachleachtais i réimsí an tumoideachais sa treo is go mbeadh cur chuigí taithíbhunaithe agus taighdebhunaithe á gcur i bhfeidhm chun leasa na scoile agus na ndaltaí.
- Go ndéanfaí athbhreithniú ar mheasúnaithe síceolaíochta i SLG DEIS, go gcuirfí in oiriúint iad don chomhthéacs agus do riachtanais na ndaltaí agus go mbeadh na measúnaithe dátheangach ar a laghad
- Oiliúint ar shíceolaithe, theirpeoirí urlabhra agus lucht tacaíochta eile ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus conas plé go héifeachtach agus go proifisiúnta trí mheán na Gaeilge le páistí dátheangacha le go bhfaighidh siad an tacaíocht chuí/measúnú cuí déanta ina dteanga dhúchais nó ina dteanga foghlama. Ardaítear ceisteanna eitice i leith chearta teanga an scoláire nuair a sháraítear é seo.
- Uirlisí diagnóisíocha atá in oiriúint don chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bheith ar fáil
- Acmhainní atá ar chomhchaighdeán agus ag leibhéal cuimsitheach don dalta sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- Ní mór tosaíocht a thabhairt do thaighde dhúchasach ar an gceist agus fianaise eolaíoch a bheith ar fáil do thuismitheoirí ina leith.
- Ní mór don CNOS treoracha soiléire a eisiúint do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta maidir le bunú ranganna speisialta, ag aithint éiteas teangeolaíochta na scoileanna sin.
- Go gcuirfí an oiliúint inseirbhíse chuí ar mhúinteoirí tacaíochta foghlama chun iad a chumasú lena gcuid dualgas de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm.
- Tá an-easnamh ann ó thaobh oiliúint chuí do Chúntóirí Riachtanais Speisialta chun feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge
- Is fiú nod a ghlacadh ón tuairisc seo https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Taighde_Sealbhú-1.pdf agus níos mó scoileanna Gaelscoileanna a dhéanamh de scoileanna DEIS go n-éireoidh na daltaí níos fearr ní amháin sa Ghaeilge ach sa Bhéarla chomh maith, a chuideoidh leo rochtain a fháil ar chúrsaí 3ú leibhéal agus fostaíocht níos fearr a fháil amach anseo.

Luaigh trí mhórghníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

- Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal a bheith curtha le chéile agus plean feidhmithe idir lámha le coiste comhairleach (ar nós atá ar siúl leis an bpolasaí oideachas Gaeltachta). Bheadh soláthar d'fhoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais san áireamh sa pholasaí
- Moltar go bhforbrófaí cúrsa FETAC leibhéal 5/6 do Chúntóirí Riachtanais Speisialta ach go mbeadh modúil nó, clár iomlán atá dírithe ar an gcóras lánGhaeilge agus Gaeltachta.

- Ní mór seirbhísí urlabhra agus teanga a bheith ar fáil i dteanga dhúchais an linbh / teanga na scoile agus ní mór don RO tabhairt faoi thógáil feasachta ar an gcóras chun nach mbeidh míthuiscintí ann faoi nádúr an chórais agus a oiriúnacht don pháiste le RSO, ar a n-áirítear oiliúint ar shíceolaithe, theirpeoirí urlabhra agus lucht tacaíochta eile ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas – má éiríonn linn an sprioc seo a bhaint amach, cén feabhas/difríocht a bheidh le sonrú?

- Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal a bheith curtha le chéile agus plean feidhmithe idir lámha le coiste comhairleach (ar nós atá ar siúl leis an bpolasaí oideachas Gaeltachta). Bheadh plean sainiúil sa pholasaí d'fhoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Is gá breathnú ar líon na páistí ag freastal ar Ghaelscoileanna, líon na Gaelscoileanna, líon na scoileanna atá ag cur FCÁT ar bun agus líon na páistí atá á dhéanamh. Is gá breathnú ar thorthaí na páistí i gcoitinne chun feiceáil an bhfuil an córas nua ag oibriú.
- An gá le líon na díolúintí a laghdú go suntasach chun go mbeidh deis ag gach dalta an Ghaeilge a fhoghlaim. In ionad díolúine a thabhairt ba chóir tacaíochtaí breise a chur ar fáil chun cuidiú leis an dalta an Ghaeilge a fhoghlaim. Beidh deis ag gach dalta mar sin páirt a ghlacadh i ngach deis fostaíochta agus acadúla dá bharr.
- Caithfear a tógáil san áireamh cúlra socheacnamaíoch na ndaltaí agus na dúshláin a bhíonn rompu ag foghlaim go ginearálta. Deirtear sa thuairisc a leanas https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Taighde_Sealbhú-1.pdf go gcuideann an córas gaeloideachais.
- Caithfear dul i ngleic le fadhbanna sa lucht siúil le foghlaim na Gaeilge trí thacaíochtaí breise a chur ar fáil.

An bhfuil slata tomhais ar leith a úsáideann tusa chun gnóthachtáil d'eagraíochta a thomhas maidir leis an sprioc seo a d'fhéadfadh an Roinn iad a úsáid?

- Tá saineolaithe ar an disléicse agus an Ghaeilge ar nós an tOllamh Pádraig Ó Duibhir in Ollscoil Chathair Átha Cliath agus an Dr. Emily Barnes i gColáiste na Tríonóide a bheadh in ann slat tomhais a thabhairt don Roinn Oideachais faoi chonas eispearas daltaí atá faoi mhíchumas a fheabhsú i leith foghlaim na Gaeilge.
- Forbairt acmhainní tacaíochtaí RSO don chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a fhreastalaíonn ar riachtanais an pháiste dátheangach / an cainteoir dúchais Gaeilge / an suíomh lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
- Tá figiúirí do dhíolúintí ag ardú de réir na figiúirí a fuair Tuairisc.ie le déanaí <https://tuairisc.ie/ardu-mor-ar-lion-na-ndaltai-iarbhuiscioile-a-fuair-dioluine-on-ngaeilge-o-tugadh-isteach-coras-nua/> Ba chóir go mbeadh líon na ndíolúintí ag laghdú de réir an méad ráite ag an Roinn Oideachais nuair a cuireadh an córas nua i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh deis ag gach dalta an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil. Ciallaíonn sin gur gá tacaíocht agus córas

nua a chur i bhfeidhm in ionad díolúintí sa chuid is mó de na cásanna. Níor ghlac an Roinn Oideachais le comhairle faighte acu fhéin sa PHÁIPÉAR COMHAIRLIÚCHÁIN TREO AN PHOLASAÍ SA TODHCHAÍ MAIDIR LE DÍOLÚINTÍ Ó STAIDÉAR AR AN nGAEILGE a dúirt ‘Níor cheart go ndéanfaí scoláire a dhíolmhú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ach amháin in imthosca atá annamh agus eisceachtúil.’ Tá gá éisteacht leis na saineolaithe nuair a thugann siad comhairle ar na hábhair seo agus ba chóir é a chur mar chuid de pholasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d’eagraíocht?

- Bheadh muid lánsásta a bheith páirteach leis an bpolasaí a chur le chéile. Táimid cheana féin ag feidhmiú ar an gcoiste atá ag plé leis an tumoideachais agus leis an bpolasaí oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

- Leis an bpolasaí atáimid ag moladh, bheadh cinnteacht ann d’fhoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus d’fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ó thús go deireadh an chórais acu agus bheadh sé i bhfad Éireann níos idirghabhálacha in ionad iad a bheith gearrtha amach as foghlaim na Gaeilge. Is cuid lárnach í an Ghaeilge ina chuid féiniúlacht, oidhreacht agus cultúr agus tá impleachtaí síceolaíochta ann nuair nach féidir leo iad fhéin a chur in iúl ina teanga náisiúnta.

Sprioc 3: Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach.

Don sprioc seo, tabhair eolas maidir leo seo a leanas (tabhair aird go mbeidh uasmhéid 300 focal do gach mír):

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

Is é an príomhthosaíocht straitéiseach a chóir go mbeadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ó thaobh na Gaeilge de sa chóras oideachais ná gur chóir dóibh an gealltanas sa chlár rialtais le polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn. Chuirfeadh an polasaí an réimse seo seirbhísí oideachais.

Luaigh trí mhórgníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

- Tá caighdeáin agus rogha na hacmhainní atá ar fáil as Gaeilge níos teoranta ná na hábhair atá ar fáil i mBéarla. Tá gá le níos mó infheistíocht a dhéanamh i COGG chun cinntiú go bhfuil cothromaíocht ann maidir leis na hacmhainní oideachais. Tá géarchéim ann i dtaobh

líofacht múinteoirí sa Ghaeilge. Dar ndóigh, bheadh sé deacair do na daltaí líofacht a bhaint amach mura bhfuil líofacht ag an múinteoir. Réiteoidh polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal é seo mar go mbeidh gá iniúchadh déanta ar an bhfadhb seo agus réitithe molta agus curtha i bhfeidhm.

- Tá easpa múinteoirí ar fáil do na scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí. Is maith é go bhfuil an cúrsa an Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil ach is gá go mbeidh níos mó ábhar oidí ag foghlaim trí Ghaeilge. Tá gá le níos mó spásanna sa chúrsa sin agus go mbeidh níos mó cúrsaí den sórt sin curtha ar fáil i níos mó coláistí.
- Má tá córas FCÁT le bheith forleathan sna scoileanna timpeall na tíre is gá a chinntiú go bhfuil na múinteoirí in ann an t-ábhar sa bhreis a mhúineadh, bíodh gur spórt, ealaíon nó ábhar eile atá i gceist. Tá gá mar sin go mbeidh an t-ábhar sin á mhúineadh trí Ghaeilge sna coláistí oiliúna agus go mbeidh cúrsaí gairmiúla curtha ar fáil do mhúinteoirí ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas – má éiríonn linn an sprioc seo a bhaint amach, cén feabhas/difríocht a bheidh le sonrú?

- Is gá iniúchadh a dhéanamh an bhfuil na hacmhainní trí Ghaeilge á úsáid agus an bhfuil go leor roghanna d'acmhainní trí Ghaeilge ann chun an stad reatha a aimsiú agus plean a chur ar bun chun cothromas rogha acmhainní oideachais idir Gaeilge agus Béarla a bhaint amach faoi dheireadh na straitéise seo agus go mbeidh na hacmhainní sin ar fáil do gach scoil Ghaeltachta, Gaelscoil agus Gaelcholáiste.
- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar líofacht Gaeilge na n-abhar múinteoirí. Ba chóir go mbeadh leibhéal líofachta na múinteoirí ag TEG B2. Sa chás go bhfuil leibhéal níos ísle ná sin ag múinteoir ba chóir cúrsaí gairmiúla a chur ar fáil dóibh leis an leibhéal sin a shroichint. Ba chóir an fhéidearthacht seo a chur ar fáil do mhúinteoirí sa chóras cheana féin chomh maith
- Níor chóir cáilíocht a bhronnadh ar ábhar oidí bunscoile mar mhúinteoirí go dtí go bhfuil an leibhéal TEG B2 de líofacht deimhnithe. Chun cabhrú leis an leibhéal líofachta sin a bhaint amach, ba chóir cur leis an líon ama a chaiteann na n-abhar oidí sa Ghaeltacht go 3 mhí.

An bhfuil slata tomhais ar leith a úsáideann tusa chun gnóthachtáil d'eagraíochta a thomhas maidir leis an sprioc seo a d'fhéadfadh an Roinn iad a úsáid?

- Líon na hacmhainní oideachais uile a liostáil atá ar fáil i mBéarla agus a chinntiú go bhfuil a comhionann ar fáil i nGaeilge (ní gá gur aistriúcháin den acmhainn Béarla atá ann, ach cinnte caithfear a chinntiú go bhfuil caighdeán an acmhainn sin ar chomhchéim leis an rogha Béarla ar a laghad). Feiceann Conradh na Gaeilge rómhínic faraor go mbíonn acmhainní agus seirbhísí curtha ar fáil i mBéarla amháin, mar shampla an suíomh do thorthaí ardteistiméarachta agus an tástáil do litearthacht do dhaltáí iar-bhunscoile.
- Tá Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí áirithe a bhfuil ag fanacht na blianta le foirgneamh buan a bheith acu. Ní cóir go mbeidh scoil ag fanacht níos mó ná trí bhliain le foirgneamh buan a fháil. Ba chóir go mbeidh seo mar sprioc roimh dheireadh na straitéise.

- Ag breathnú ar caighdeán agus cáilíochtaí na ngníomhaíochtaí sin. Sé sin le rá cé mhéad scoil a chuireann na gníomhaíochtaí seo i bhfeidhm agus an bhfuil caighdeán na gníomhaíochtaí sin maith go leor chun torthaí dearfacha a bhaint amach.

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d’eagraíocht?

Caithfear plé le gach tosaíocht ag an am céanna mar go bhfuil na tosaíochtaí sin ag plé le pobail éagsúla, daltaí a fhreastalaíonn i scoileanna a fheidhmíonn i mBéarla, daltaí a fhreastalaíonn sa chóras gaeloideachais agus daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Tá Conradh na Gaeilge ag plé le cearta teanga le níos mó ná 125 bliain. Tá an-taithí ag an bhfoireann ag plé leis an ábhar seo, ina measc tá sochtheangeolaithe cáilithe fostaithe ag an eagraíocht. Bíonn Conradh na Gaeilge ag plé le saineolaithe taobh amuigh den eagraíocht go rialta chun an t-eolas is déanaí agus is cruinne a bheith againn conas an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den saol, an córas oideachais ina measc. Táimid lán sásta ár gcomhairle a thabhairt chun cinntiú go mbeidh na spriocanna seo á bhaint amach.

Sprioc 4: Droichid níos láidre a chothú idir an t-oideachas agus an pobal níos leithne

Don sprioc seo, tabhair eolas maidir leo seo a leanas (tabhair aird go mbeidh uasmhéid 300 focal do gach mír):

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

Is é an príomhthosaíocht straitéiseach a chóir go mbeadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ó thaobh na Gaeilge de sa chóras oideachais ná gur chóir dóibh an gealltanas sa chlár rialtais le polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn. Chuirfeadh an polasaí seo droichid níos láidre a chothú idir an t-oideachas agus an pobal níos leithne.

Luaigh trí mhórghníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

- Clann á dtógáil le Gaeilge: Ba chóir feachtas a eagrú sa Ghaeltacht faoin tábhacht atá ann clann a thógáil le Gaeilge. B'fhiú na hacmhainní agus na tacaíochtaí atá ar fáil do na teaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge a chur os comhair teaghlaigh na Gaeltachta. Ba chóir an feachtas céanna a rith sna Gaelcholáistí taobh amuigh den Ghaeltacht chomh maith.
- Fostaíocht: D'fheadfadh líofacht sa Ghaeilge cur le deiseanna na ndaltaí fostaíocht a fháil.
- An scoilphobal a chruthú: Ba chóir seirbhísí a chur ar fáil taobh amuigh d'amanna na scoile. Mar shampla clubanna óige trí Ghaeilge agus ranganna Gaeilge do thuismitheoirí.
- Saol na Gaeilge: Go mbeidh an duine óg in ann páirt a ghlacadh i saol na Gaeilge. Osclaíonn sé sin domhan nua dóibh.

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas – má éiríonn linn an sprioc seo a bhaint amach, cén feabhas/difríocht a bheidh le sonrú?

- Is féidir é a thomhas tríd a fheiceáil an bhfuil líon na gclubanna óige trí Ghaeilge, ranganna Gaeilge agus imeachtaí Gaeilge ag fás agus go bhfuil níos mó daoine ag glacadh páirt iontu.
- Go mbeidh líon na poist atá ar fáil as Gaeilge ag fás.
- Go mbeidh ról lárnach ag an Roinn Oideachais sa Phlean Náisiúnta atá beartaithe i mBille na dTeangacha Oifigiúla, go háirithe na forálacha maidir le hearcaíocht daoine inniúil ar an nGaeilge.
- Go mbeidh níos mó daoine ag breathnú ar TG4 agus cláir Gaeilge ar RTÉ, ag éisteacht leis na stáisiúin raidió Gaeilge, ag léamh leabhair agus irisí Gaeilge agus ag iarraidh seirbhísí poiblí as Gaeilge.
- Líon na cainteoirí Gaeilge sa daonáireamh ag ardú ó thaobh minicíochta ag caint Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais.

An bhfuil slata tomhais ar leith a úsáideann tusa chun gnóthachtáil d'eagraíochta a thomhas maidir leis an sprioc seo a d'fhéadfadh an Roinn iad a úsáid?

Tá gá le tuairisc monatóireachta sochtheangeolaíochta náisiúnta bliantúil a dhéanamh

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d'eagraíocht?

Caithfear é seo a thógáil ar bhonn iomlánaíoch agus obair ar na tascanna uilig le chéile. Cuideoidh gníomhaíocht amháin le gníomhaíocht eile a éascú.

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

Beidh saol níos folláine acu ina mbeidh siad in ann an dá theanga a úsáid ina saol gan stró. Gheobhadh daltaí taithí ar a theanga agus cultúr féin trí na comhoibrithe seo nach bhfaighfidís de ghnáth de bharr imeallú na teanga sa tsochaí. Nuair a éiríonn le dalta dátheangachas a bhaint amach, ní amháin go mbíonn torthaí níos fearr sa Ghaeilge acu, ach sa Bhéarla agus Matamaitic chomh maith. Feictear chomh maith go mbíonn moill ar ghalair Alzheimer má tá níos mó ná teanga amháin ag an duine. Mar sin is é an gníomh is éifeachtaí gur féidir a dhéanamh don chóras oideachais ná cinntiú go mbeidh líofacht sa Ghaeilge ag gach dalta agus tá gá go mbeidh sé mar thosaíocht sa Ráiteas Straitéise nua seo.

Sprioc 5: Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Don sprioc seo, tabhair eolas maidir leo seo a leanas (tabhair aird go mbeidh uasmhéid 300 focal do gach mír):

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

Is é an phríomhthosaíocht straitéiseach a chóir go mbeidh ag an Roinn Oideachais ó thaobh na Gaeilge de sa chóras oideachais ná gur chóir dóibh an gealltanais sa chlár rialtais le polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn. Mar atá luaite sa chlár beidh cur chuige uile rialtas ann i dtaobh na Gaeilge agus tá gá don Roinn Oideachais a bheidh réidh dó agus gníomhú dá réir.

Luaigh trí mhórgníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

- Is é an phríomhthosaíocht straitéiseach a chóir go mbeadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ó thaobh na Gaeilge de sa chóras oideachais ná gur chóir dóibh an gealltanais sa chlár rialtais le polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn.
- Dúbailt a dhéanamh ar an méid daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Tá baic á chur ar Ghaelscoileanna agus Gaelcholáistí nua a oscailt. Tá gá an próiseas a éascú agus go deimhin go mbeidh sé mar thosaíocht scoileanna nua a fheidhmíonn trí Ghaeilge a oscailt thar aon chóras scolaíochta eile. Níl ach 8.1% de na daltaí ag fáil a oideachais trí Ghaeilge nuair atá 23% de thuistmitheoirí ag iarraidh go mbeidh a páistí ag freastal ar na scoileanna seo. Tá an t-éileamh ann, ní gá ach an soláthar a thabhairt.
- Plean Náisiúnta - Tá ról thar a bheith tábhachtach ag an Roinn Oideachais chun a chinntiú go mbeidh 20% d'earcaithe inniúil ar an Ghaeilge.

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas – má éiríonn linn an sprioc seo a bhaint amach, cén feabhas/difríocht a bheidh le sonrú?

- Go mbeidh comhordú rialta déanta leis na Ranna eile ag teacht le, mar atá luaite sa Chlár Rialtais, cur chuige uile Rialtais leis an teanga a chosaint agus a chun cinn. Is féidir é seo a mheas tríd an líon cruinnithe rialta uile ranna a bheidh ann, tríd na pleananna a chuirfear ar bun agus tríd tuairiscí ar dul chun cinn an chomhoibrithe idir-rannach seo.

An bhfuil slata tomhais ar leith a úsáideann tusa chun gnóthachtáil d’eagraíochta a thomhas maidir leis an sprioc seo a d’fhéadfadh an Roinn iad a úsáid?

- An Daonáireamh faoi líon na cainteoirí Gaeilge, ach go háirithe na cainteoirí laethúla Gaeilge
- Líon na ndaoine le Gaeilge atá ag obair sa tseirbhís poiblí
- Líon na ndaoine le Gaeilge earcaithe sa tseirbhís poiblí

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d’eagraíocht?

- An Plean Náisiúnta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chomh luath agus gur féidir

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

- Tá gá le feachtas earcaíochta a thosú le cur ina luí ar na daltaí na roghanna poist atá ar fáil as Gaeilge

Sprioc 6: Polasaithe fianaise-bhunaithe a chur i bhfeidhm

Don sprioc seo, tabhair eolas maidir leo seo a leanas (tabhair aird go mbeidh uasmhéid 300 focal do gach mír):

Cad iad na príomhthosaíochtaí straitéiseacha don oideachas (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal), dar leatsa, ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh sna trí bliana amach romhainn?

Is é an príomhthosaíocht straitéiseach a chóir go mbeadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ó thaobh na Gaeilge de sa chóras oideachais ná gur chóir dóibh an gealltanais sa chlár rialtais le polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn. Bheadh polasaithe fianaise-bhunaithe le tabhairt san áireamh sa pholasaí seo.

Luaigh trí mhórgníomh straitéiseach ar chóir tosaíocht a thabhairt dóibh don bhunoideachas agus don iar-bhunoideachas sna trí bliana amach romhainn:

- Monatóireacht a dhéanamh ar líon daltaí atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta agus líon na scoileanna Gaeltachta. Caithfear a mheas an bhfuil ag éirí le héileamh do líon na Scoileanna Gaeltachta agus spásanna sna scoileanna.
- Is gá breathnú ar thuairiscí mhonatóireachta na bpleananna teanga sna limistéir pleanála teanga le feiceáil cén tionchar atá na scoileanna Gaeltachta ag imirt ar chumas agus úsáid na Gaeilge sa limistéir
- Is gá breathnú ar Thuairisc Ó Giollagáin et al. *Iníúchadh ar an gCumas Dátheangach* agus a moltaí a chur i bhfeidhm. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/iniuchadh-ar-an-gcumas-datheangach.pdf>
- Figiúirí ón daonáireamh a úsáid le dul chun cinn a mheas
- Tá géarghá líon na Gaelscoileanna a mhéadú. Caithfidh an soláthar a bheith ag teacht leis an éileamh de 23%. Faoi láthair níl ach 8% de na scoileanna ag soláthar Gaeloideachas

Conas, dar leatsa, is cóir dúinn ár ndul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas – má éiríonn linn an sprioc seo a bhaint amach, cén feabhas/difríocht a bheidh le sonrú?

- Go mbeidh an líon gaelscolaíocht ag freastail an líon éileamh
- Go mbeidh gach scoil a fheidhmíonn i mBéarla ag soláthar FCÁT

An bhfuil slata tomhais ar leith a úsáideann tusa chun gnóthachtáil d’eagraíochta a thomhas maidir leis an sprioc seo a d’fhéadfadh an Roinn iad a úsáid?

- Tá gá le monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal go bliantúil

An bhfuil tosaíochtaí áirithe a bhaineann leis an sprioc seo gur chóir dúinn iad a chur chun cinn i gcomhpháirt le d’eagraíocht?

Conas mar a chuideodh níos mó comhoibrithe/rannpháirtíochta le leas na ndaltaí faoin sprioc seo?

- Faoi láthair tá easpa monatóireachta á dhéanamh ar líofacht Gaeilge na ndaltaí. Cuideoidh taighde rialta cruinn ar an líofacht sin chun feiceáil céard iad na gníomhaíochtaí atá éifeachtach

Tosaíochtaí do Chlár an Rialtais

I Clár an Rialtais aithnítear roinnt príomhcholún nó príomhthosaíochtaí tras-rialtais (tabhair aird go mbeidh uasmhéid 300 focal do gach mír): Cén ionchur is féidir linne a bheith againn maidir le mianta na hÉireann sna príomhréimsí seo a bhaint amach?

Tá an Ghaeilge luaite go sonrach sa Chlár Rialtais agus aithníonn an Rialtas an ríthábhachtach na Gaeilge mar chéad teanga an Stáit, mar theanga bheo, agus mar chuid riachtanach d'oidhreacht na tíre. Luaitear go dtógfar cur chuige uile Rialtais leis an teanga a chosaint agus a chun cinn. Creideann Conradh na Gaeilge gur gá don Roinn Oideachais a bheith i bhfad Éireann níos gníomhaí ag tapú deiseanna leis an nGaeilge a chur chun cinn mar thosaíocht Rialtais. Níor chóir fanacht ar na fadhbanna a bheidh le réiteach ach b'fhearr teacht chun tosaigh orthu agus na míreanna san áireamh sa chlar Rialtas maidir leis an nGaeilge a fheidhmiú, go háirithe:

1. Polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal a chur le chéile láithreach bonn
2. Mar chuid den pholasaí sin, ba chóir feidhmiú ar an sprioc eile sa Chlár Rialtais le líon na ndaltaí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a dhúbailt
3. An scéim phíolótach don pháirt-tumoideachas Gaeilge, mar atá san áireamh i gClár an Rialtais, a leathnú amach go gach bunscoil taobh istigh de 5 bliana

Gníomhú ar son na hAeráide

Cén ionchur is féidir leis an oideachas a dhéanamh? Cé na gníomhaíochtaí straitéiseacha ar chóir dúinn tosaíocht a thabhairt dóibh sa réimse seo i 2021 – 2023?

Is maith le daoine nasc a dhéanamh idir an nGaeilge agus cúrsaí aeráide. Tá tacaíocht agus cothú ag teastáil ón aeráid agus ón teanga. Ba chóir iad a spreagadh le chéile mar sin. Agus oideachas á thabhairt do dhaltáí faoi athrú aeráide, caithfear a chinntiú go bhfuil ábhar faoi curtha ar fáil as Gaeilge. Tá dlúthnasc idir an teanga agus an talamh, mar shampla ón mbéaloideas, logainmneacha, ainmneacha bláthanna agus ainmhithe, aibhneacha agus sléibhte. Is gá an t-eolas sin a chur ar fáil do dhaltáí chun go n-aithneoidh siad go bhfuil siad mar chuid den timpeallacht agus go bhfuil tionchar acu ar an timpeallacht sin.